# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2009**

# STAIDÉAR GNÓ – ARDLEIBHÉAL – PÁIPÉAR I

DÉ MÁIRT, 9 MEITHEAMH 2009 – MAIDIN, 9.30 – 12.00

## ROINN B

**(160 marc)**

- Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.
- **CEITHRE** cheist ar bith a fhreagairt.
- Bronnfar marcanna ar leagan amach agus ar chur i láthair mar aon le fóiliónna agus dátaí, de réir mar is cuí.
- Ba cheart go dtaispeánfaí an lá, an mhí agus an bhliain sna dátaí.
- Is ceadmhach áireamháin a úsáid.

**1.** **Ceist í seo faoi Bhuiséad Teaghlaigh.**

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

Nuair a scrúdaigh teaghlach Uí Chathasaigh a Leabhar Airgid Anailísithe ag deireadh mhí na Nollag 2008, fuair siad amach go raibh difríocht idir a n-ioncam agus a gcaiteachas iarbhír sa dá mhí dhéag agus na figiúirí buiséadaithe (atá ar fáil sa Ráiteas Comparáide Buiséid *ar leathanach 8 de Roinn A).* Na rudaí seo a leanas ba chúis leis an difríocht:

- Laghdaigh tuarastail theaghlach Uí Chathasaigh de 26%.
- Tá beirt pháistí sa teaghlach. Mhéadaigh an sochar leanaí míosúil de €15 le haghaidh gach páiste ó 1 Márta 2008.
- Bhí an t-ús iarbhír a fuair siad don bhliain €260 níos lú ná mar a bhí buiséadaithe acu.
- Dhíol teaghlach Uí Chathasaigh a dara gluaisteán agus fuair siad €4,200 air.
- Mhéadaigh íocaíochtaí morgáiste ó €850 go €955 in aghaidh na míosa ó 1 Iúil 2008 agus ansin laghdaigh siad de €75 in aghaidh na míosa ó 1 Deireadh Fómhair 2008.
- Bhí árachas gluaisteáin €210 níos lú ná mar a bhí buiséadaithe acu.
- Shuiteáil teaghlach Uí Chathasaigh aláraim deataigh sa teach, mar sin bhí a n-árachas tí 5% níos lú ná mar a bhí buiséadaithe acu.
- Bhí costais tí 12½% níos mó ná mar a bhí buiséadaithe acu.
- Bhí costais ghluaisteáin €25 níos lú sa mhí ná mar a bhí buiséadaithe acu.
- Bhí costais éadaí agus bróg €150 níos lú ná mar a bhí buiséadaithe acu.
- Bhí costais solais agus teasa 22% níos mó ná mar a bhí buiséadaithe acu.
- Bhí árachas sláinte 13% níos mó ná mar a bhí buiséadaithe acu, de bharr méadú ar tháillí a gcomhlacht árachais.
- Chosain siamsaíocht €150 in aghaidh na míosa ar an meán, ach amháin do na trí mhí Aibreán, Lúnasa agus Nollaig, nuair a chosain siad €300 ar an meán.
- De bharr breithlae speisialta, chosain bronntanais €300 sa bhreis.
- Athraíodh pleananna laethanta saoire agus chosain siad €2,600 níos lú ná mar a bhí buiséadaithe acu.

**(A)** Agus tú ag baint úsáide as an Ráiteas Comparáide Buiséid *ar leathanach 8 de Roinn A,* iontráil na figiúirí cuí sa cholún **'Iarbhír'.**

Taispeáin sa cholún **'Difríocht'** na difríochtaí idir na figiúirí sa cholún **'Iarbhír'** agus na figiúirí sa cholún **'Buiséad'**. Úsáid comhartha **móide** nó **lúide** roimh gach figiúr sa cholún sin.

Nóta: Úsáid an comhartha **'móide'** má tá **'Iarbhír'** NÍOS MÓ ná an figiúr **'Buiséad'.**
Úsáid an comhartha **'lúide'** má tá **'Iarbhír'** NÍOS LÚ ná an figiúr **'Buiséad'.**
Sampla:

| | **Buiséad** | **Iarbhír** | **Difríocht** |
|---|---|---|---|
| | 600 | 620 | + 20 |
| | 230 | 160 | - 70 |
| Iomlán | 830 | 780 | - 50 |

(22)

Freagair na codanna seo a leanas **(B)** agus **(C)** sna spásanna atá curtha ar fáil *ar leathanach 9 de Roinn A.*

**(B)** **(i)** Cé mhéad a bhí buiséadaithe ag teaghlach Uí Chathasaigh le coigilt i rith na bliana 2008?

**(ii)** Cén t-airgead tirim deiridh a bhi buiséadaithe i gcomhair dheireadh 2008?

**(iii)** Cén t-airgead tirim deiridh iarbhír a bhí acu ag deireadh 2008?

**(iv)** Luaigh cé mhéad difríochta a bhí idir Caiteachas Iomlán Iarbhír theaghlach Uí Chathasaigh agus a gCaiteachas Iomlán Buiséadaithe.

**(v)** Mínigh cúis **amháin,** b'fhéidir, gur ardaigh an comhlacht árachais sláinte a tháillí.

(10)

**(C)** **(i)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** phíosa comhairle airgeadais a thabharfá do teaghlach Uí Chathasaigh de bharr an Bhuiséad 'Iarbhír' 2008.

**(ii)** Tabhair **dhá** chúis go n-ullmhódh teaghlach Uí Chathasaigh buiséad.

(8)

**(40 marc)**

**2.** **Ceist í seo ar Chuntas Club.**

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

Ar an 1 Bealtaine 2008 bhí Ciste Carntha de €411,210 ag Club CLG Bhéal an Átha.
Seo thíos achoimre ar bhearta airgeadais an Chlub don bhliain dar chríoch 30 Aibreán 2009:

| **Fáltais:** | **€** |
|---|---|
| Fáltais Gheata | 23,940 |
| Síntiúis | 34,100 |
| Lató an Chlub | 53,700 |
| | |
| **Íocaíochtaí:** | **€** |
| Costais chothabhála | 3,780 |
| Páipéarachas | 1,730 |
| Costais Ghinearálta | 34,610 |
| Duaiseanna Lató | 19,400 |
| Árachas | 9,330 |
| Solas agus Teas | 2,260 |

Eolas breise ar an 30 Aibreán 2009:

(i) Síntiúis réamhíoctha €1,600

(ii) Páipéarachas ar láimh €170

(iii) Solas agus Teas dlite €290

(iv) Airgead tirim sa Bhanc €7,840

(v) Dímheas:
Teach an Chlub 3% de €364,000
Trealamh 15% de €80,000

**(A)** Ullmhaigh:

**(i)** Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dar críoch 30 Aibreán 2009.

**(ii)** Clár Comhardaithe mar a bhí ar an 30 Aibreán 2009.

(33)

**(B)** **(i)** Mínigh an téarma **dímheas.**

**(ii)** Luaigh **dhá** chúis le dímheas.

(7)

**(40 marc)**

**3.** **Ceist í seo ar an mBuiséad Náisiúnta agus Trádáil.**

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

**(A)** **(i)** De dheasca acmhainní teoranta, chinn an tAire Airgeadais, ina Bhuiséad Náisiúnta le déanaí, mar a leanas:

- Chaiteachas ar **bhóithre** a laghdú
- **Beairicí airm** a dhúnadh agus a dhíol
- Caiteachas ar **leas sóisialta** a mhéadú
- **Dleacht mháil** ar thoitíni agus ar fhíon a ardú.

Ó na cinnte thuas sainaithin sampla **amháin** i ngach cás díobh seo:

**(a)** Ioncam Reatha an Rialtais
**(b)** Caiteachas Reatha an Rialtais
**(c)** Ioncam Caipitil an Rialtais.

**(ii)** Mínigh **gach ceann** de na téarmaí seo a leanas:

- Acmhainní teoranta
- Buiséad Náisiúnta.

**(iii)** Mínigh **dhá** thoradh a bheadh ag méadú dí-fhostaíochta ar an mBuiséad Náisiúnta.

(18)

**(B)** **(i)** Mínigh an difríocht atá idir allmhairí sofheicthe agus allmhairí dofheicthe agus tabhair sampla **amháin** i ngach cás.

**(ii)** Baineann na sonraí seo a leanas le trádáil náisiúnta tíre do 2008:

| | **€** |
|---|---|
| Allmhairí Sofheicthe | 750 milliúin |
| Onnmhairí Dofheicthe | 820 milliúin |
| Onnmhairí Sofheicthe | 740 milliúin |
| Allmhairí Dofheicthe | 860 milliúin |

**(a)** Ó na sonraí thuas ríomh Comhardú na Trádála agus Comhardú na nÍocaíochtaí. Taispeáin do chuid oibre.

**(b)** I n**gach** cás luaigh cé acu iarmhéid barrachais nó iarmhéid easnaimh é.

**(iii)** Mínigh **gach** ceann de na téarmaí seo a leanas:

- Boilsciú
- Fónamh d'Fhiacais.

(22)

**(40 marc)**

**4.** **Ceist í seo ar Bhaincéireacht.**

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

Tá cuntas ag Máire Ní Bhuachalla sa bhanc AIB, i gCill Áirne.

Fuair sí an Ráiteas seo a leanas ar an 3 Bealtaine 2009:

| | | |
|---|---|---|
| **AIB**<br>**An tSráid Mhór**<br>**Cill Áirne, Co. Chiarraí** | **Ráiteas Cuntais** | Teil: 066-4366287<br>Facs: 066-4366299<br>Cód an Bhrainse: 93-71-47<br>Cód Aith. An Bhrainse: AIBKIE5H |

| | | |
|---|---|---|
| Máire Iníon Ní Bhuachalla<br>Bóthar Mucrois<br>Cill Áirne<br>Co. Chiarraí | **Ainm an Chuntais:** | Máire Ní Bhuachalla Cuntas Uimh. 1 |
| | **Uimhir an Chuntais:** | 25496813 |
| | **UCBI:** | IE39 AIBK 9371 4725 4968 13 |
| | **Dáta an Ráitis:** | 30 Aibreán 2009 |
| | **Uimhir an Ráitis:** | 495 |

| Dáta | Sonraí na mBeart | Dr | Sr | Iarmhéid | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | € | € | € | |
| 01 Aib 2009 | Iarmhéid ar aghaidh | | | 626.00 | |
| 06 Aib 2009 | Pá-chonair | | 1,670.00 | 2,296.00 | |
| 09 Aib 2009 | Seic Uimh. 50021 | 2,350.00 | | 54.00 | Dr |
| 15 Aib 2009 | DD – Eircom | 124.00 | | 178.00 | Dr |
| 18 Aib 2009 | UMB – AIB, an Daingean | 160.00 | | 338.00 | Dr |
| 20 Aib 2009 | Pá-chonair | | 1,670.00 | 1,332.00 | |
| 22 Aib 2009 | BO – Vodafone | 33.00 | | 1,299.00 | |
| 29 Aib 2009 | Táillí bainc | 14.00 | | 1,285.00 | |
| 30 Aib 2009 | IDIRL – AIB Visa | 308.00 | | 977.00 | |

**(A)** **(i)** Cé acu Cuntas Taisce nó Cuntas Reatha atá ag Máire? Tabhair cúis **amháin** le do fhreagra.

**(ii)** Mínigh **'Pá-chonair'** agus luaigh **dhá** bhuntáiste atá ag Pá-chonair do Mháire.

**(iii)** Mínigh an difríocht atá idir na bearta a tharla ar an 15 Aibreán 2009 agus ar an 22 Aibreán 2009.

**(iv)** Cad dó a seasann na túslitreacha 'UMB'? Mínigh **trí** sheirbhís atá ar fáil do Mháire trí an UMB.

**(v)** Mínigh cén fáth go bhfuil "Dr" sa cholún Iarmhéid tar éis trí bheart ar an Ráiteas.

**(vi)** Luaigh **dhá** mhír a d'fhéadfadh a bheith san iontráil ar an dáta 29 Aibreán 2009.

(28)

**(B)** **(i)** Níl an dá mhír seo a leanas i Ráiteas Bainc Mháire:

- seic (Uimh. 50022) i gcomhair €178.00 comhlánaithe ag Máire ar an 12 Aibreán 2009
- aistriú creidmheasa de €95.00 ar an 30 Aibreán 2009.

Ríomh a hiarmhéid bainc tar éis **an dá** mhír thuasluaite a chur san áireamh.

**(ii)** Mínigh an difríocht atá idir **gach** ceann díobh seo a leanas:

- Seic rite agus seic obtha
- Crosáil ginearálta agus crosáil speisialta.

(12)

**(40 marc)**

***Tá Ceisteanna 5 agus 6 ar an gcéad leathanach eile***

**5.** **Is Ceist í seo ar Árachas.**

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

Cheannaigh Cáit Ní Chuinn, a chónaíonn ag 47 Lána an Ché, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath, gluaistean den chéad uair le déanaí. Chuir sí glaoch teileafóin ar chomhlacht árachais agus tugadh luachan di i gcomhair clúdach an tríú duine agus clúdach cuimsitheach. Rinne sí teagmháil lena cara, Michelle Nic Aodha, Radharc na hEaglaise, an Uaimh, Co. na Mí, chun comhairle a fháil uaithi ar cé acu clúdach árachais ba cheart di a thoghadh.

**(A)** **(i)** Scríobh an litir, ag úsáid dáta an lae inniu, a sheolfadh Michelle chuig Cáit ag míniú na difríochta idir clúdach an tríú duine agus clúdach faoi árachas cuimsitheach.

**(ii)** Ainmnigh an doiciméad a chomhlánaigh Cáit nuair a bhí sí ag dul faoi árachas.

**(iii)** Luaigh agus mínigh an **dá** phrionsabal árachais is mó a bhaineann le Cáit agus í ag cur isteach ar árachas gluaisteáin.

(26)

Tá teach ag Cáit a bhfuil luach €225,000 air agus €75,000 ar an inneachar. Faigheann sí luachan €12 ar gach €15,000 don teach agus €16 ar gach €3,000 don inneachar. Socraíonn si ar a teach a árachú ar a luacháil iomlán agus an t-inneachar ar €60,000.

**(B)** **(i)** Ríomh an phréimh árachais a bheidh ar Cháit a íoc. Taispeáin do chuid oibre.

**(ii)** Dá ndéanfadh stoirm damáiste €35,000 don teach agus damáiste €12,000 don inneachar, ríomh an méid cúitimh a mbeadh Cáit i dteideal é a fháil, tugtha go bhfuil farasbarr polasaí €150 i gceist. Taispeáin do chuid oibre agus mínigh do fhreagra.

(14)

**(40 marc)**

**6.** **Baineann an Cheist seo le Pá agus le Daoine ag Obair.**

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

**(A)** Tá Marc Ó Riain fostaithe mar mhaoirseoir ag Leacáin Sorrento Tta. Is é a ráta bunphá ná €592 i gcomhair seachtaine 37 uair. Íoctar ragobair de réir ama go leith don chéad ocht n-uaire agus am dúbalta do gach uair sa bhreis. Rinne sé 47 uair oibre i Seachtain 21.

Íocann Marc cáin ioncaim ag ráta 41% agus ÁSPC ag 8%. Is é a chreidmheas cánach ná €7,280 sa bhliain. Gach seachtain, íocann sé síntiús €7 dá cheardchumann agus cuireann sé €40 i gciste coigiltis. Baineann a fhostóir an dá shuim airgid seo óna phá.

**(i)** Comhlánaigh Duillín Pá Mhairc don tSeachtain Uimh. 21, ag baint úsáide as an doiciméad bán *ar leathanach 10 de Roinn A.* Taispeáin do chuid oibre (*ar an leathanach céanna).*

**(ii)** Luaigh **trí** shochar a d'fhéadfadh Marc a fháil óna shíntiúis ÁSPC. (28)

**(B)** **(i)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** fhreagracht atá ar Mharc dá fhostóir.

**(ii)** Íoctar Marc de réir ráta ama.
Luaigh agus mínigh modh **amháin** eile chun ollphá a ríomh. (12)

**(40 marc)**

**NÁ DÉAN DEARMAD ROINN 'A' A CHUR AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR**